



MA sa Nua-Ghaeilge

[www.maynoothuniversity.ie/
nua-ghaeilge-modern-irish](http://www.maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish)



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad

MA sa Nua-Ghaeilge

Roinn na Nua-Ghaeilge agus traidisiún léann na Gaeilge

Tá léann na Gaeilge á shaothrú le breis is 200 bliain in Ollscoil Mhá Nuad agus tá cultúr bisiúil taighde ag Roinn na Nua-Ghaeilge ina gcuimsítear réimse leathan saineolais agus clár rialta imeachtaí.

Is i Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad, a forbraíodh an córas foghlama agus measúnaithe, TEG (Teastas Eorpach sa Ghaeilge) a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta bainte amach aige de bharr a mhodhanna nuálacha teagaisc agus foghlama. Is faoi chúram Roinn na Nua-Ghaeilge atá an t-irisleabhar scolártha Gaeilge is sine ar an bhfód, *Irisleabhar Mhá Nuad*, a bunaíodh corradh le 120 bliain ó shin. Ba sa tréimhse chéanna a bunaíodh Cuallacht Cholm Cille, an cumann Gaelach ollscoile is sine sa tír. Tá an-iomrá ar na lámhscríbhinní Gaeilge atá á gcoimeád i Leabharlann an Ruiséalaigh, ina n-áirítear thar 300 lámhscríbhinn ina bhfuil ceithre mhórchnuasach ar leith.





Cén saghas cúrsa é?

Cúrsa é seo dóibh siúd ar spéis leo eolas leitheadach domhain a chur ar theanga agus ar shaíocht na Gaeilge ar mhaithe le forbairt ghairmiúil agus forbairt phearsanta. Leagtar béim ar chruinneas agus ar shaibhreas teanga tríd síos ach tugtar deis do mhic léinn díriú ar na sainábhair is spéis leo féin. Chuige sin, tugtar rogha do mhic léinn tabhairt faoi cheann amháin den dá shruth seo a leanas:

- Cruinneas, Saibhreas agus Cumarsáid
- Litríocht agus Critic

Is féidir an chéim Mháistreachta a dhéanamh go lánaimseartha (bliain amháin) nó go páirtaimseartha (dhá bhliain). Trí mheán scrúduithe agus tionscnaimh taighde a dhéantar obair na mac léinn a mheas.

Struchtúr agus Sonraí an chúrsa

SRUTH 1:

Cruinneas, Saibhreas agus

Cumarsáid

Seimeastar 1

- An Ghaeilge Scríofa
- An Ghaeilge agus na Meáin sa Ré Dhigiteach
- Modheolaíocht 1
- Modúl roghnach

Seimeastar 2

- Cruinneas agus Ceart na Gaeilge
- An Scríbhneoireacht Ghairmiúil
- Modheolaíocht 2
- Modúl roghnach
- Tráchtas (dáta deiridh i Meán Fómhair)

SRUTH 2: Litríocht agus Critic

Seimeastar 1

- An Ghaeilge Scríofa
- An Nua-Ghaeilge Mhoch agus Traidisiún na Lámhscríbhinní
- Modheolaíocht 1
- Modúl roghnach

Seimeastar 2

- Cruinneas agus Ceart na Gaeilge
- An Nualitríocht
- Modheolaíocht 2
- Modúl roghnach
- Tráchtas (dáta deiridh i Meán Fómhair)

MA sa Nua-Ghaeilge

Roghanna breise idirdhisciplíneacha

Le cead Cheann na Roinne, bíonn faill ag mic léinn modúl amháin a roghnú as cláir eile, mar shampla, modúl i Roinn na Meán Cumarsáide, i Roinn na Fealsúnachta agus dá réir sin.

Riachtanais iontrála agus iarratas a dhéanamh

De ghnáth, beidh céim sa Ghaeilge ag iarrthóirí agus 2.i nó a chomhionann bainte amach acu. Déanfar iarratais a mheas freisin ó iarrthóirí a bhfuil céim acu in ábhair eile ach ar féidir leo an cumas cuí sa Ghaeilge a léiriú. Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne ag <http://www.pac.ie/maynoothuniversity>

Sonraí Teagmhála

Stiúrthóir an Chláir:

An tOllamh Fionntán de Brún

Teil +353 (0)1 708 3666/3709

R-phost nua.ghaeilge@mu.ie

Gréasán <https://www.maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish>

[www.maynoothuniversity.ie/
nua-ghaeilge-modern-irish](http://www.maynoothuniversity.ie/nua-ghaeilge-modern-irish)



**Ollscoil
Mhá Nuad**
Ollscoil na hÉireann
Má Nuad